Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13424/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0217(NLE)**

POLCOM 205
SERVICES 43

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 343 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhaontú i ndáil le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh ailtirí<br>- Glacadh |

1. An 19 Iúil 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (11525/22 + ADD1).

2. An 31 Lúnasa 2022, scaip an Uachtaránacht togra comhréitigh (WK 11267/22), a d’fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe (Seirbhísí agus Infheistíocht)) an 7 Meán Fómhair 2022.

3. An 6 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Choiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe (Seirbhísí agus Infheistíocht)) gur thángthas ar chomhaontú le Ceanada i ndáil leis na haistriúcháin go gach teanga oifigiúil den chomhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh ailtirí.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11527/22 + ADD 1 é;

– cinneadh a dhéanamh go n-ordófar an Cinneadh ó Chomhchoiste CETA um Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla, mar a leagtar amach in 11527/22 ADD 1 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é; agus

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.